Aldar Ábhailleach

Seanscéal ón Fhionlainn

Leathanach bán

Aldar Ábhailleach

Seanscéal ón Fhionlainn

I bhfad ó shin, bhí fear darbh ainm Aldar ina chónaí i mbaile beag san Fhionlainn. Aldar Ábhailleach a thug na daoine air nó bhí sé maith ag bualadh bob ar na comharsana. Ach, bhí fear amháin ar an bhaile a shíl nach dtiocfadh le hAldar bob a bhualadh air. Bhíodh an fear seo i gcónaí ag marcaíocht ar mhuin gabhair agus tugadh fear an ghabhair air.

Lá amháin, chonaic fear an ghabhair Aldar. Bhí Aldar ag baint taca as crann.

"Tusa Aldar Ábhailleach," arsa fear an ghabhair, "ach ní bhuailfidh tú bob ormsa!"

"Bhuailfinn," arsa Aldar, "ach gur fhág mé mála na gcleas sa bhaile."

"Gabh chun an bhaile mar sin," arsa fear an ghabhair, "agus faigh an mála, agus feicfidh muid an mbuailfidh tú bob orm."

"Ní thig liom," arsa Aldar, "nó má ligim den chrann seo, titfidh sé."

"Coinneoidh mise duit é," arsa fear an ghabhair.

Agus sheas sé in éadan an chrainn. Chuaigh Aldar ar

mhuin an ghabhair agus d'imigh sé leis i dtreo an bhaile. Sheas fear an ghabhair in éadan an chrainn, agus sheas sé, ach níor tháinig Aldar ar ais le mála na gcleas. Sa deireadh, d'imigh fear an ghabhair ón chrann, agus iontas na n-iontas, níor thit an crann.

"Bhuail Aldar bob orm," ar seisean, "ach ní tharlóidh sé arís."

Agus rith sé ar ais go dtí an baile ag iarraidh Aldair agus an ghabhair.

Ar a bhealach chun an bhaile, tháinig sé a fhad le lochán, agus bhí Aldar i ndiaidh stiall de chraiceann gabhair a chaitheamh amach i lár an locháin. Nuair a chonaic fear an ghabhair an stiall chraicinn ar bharr an uisce, ar seisean, "Tá mo ghabhar sa lochán!" Bhain sé de a bhuataisí agus amach leis san uisce ar lorg a ghabhair. Bhí fear an ghabhair amuigh i lár an locháin nuair a tháinig Aldar amach as na crainn agus an gabhar leis. Thóg sé buataisí agus cóta fhear an ghabhair, chuaigh suas ar mhuin an ghabhair, agus d'imigh leis i dtreo an bhaile.

Nuair a mhothaigh fear an ghabhair go raibh a bhuataisí agus a chóta ar shiúl, d'éirigh sé tógtha. "Bhuail Aldar bob orm an dara huair," ar seisean, "ach ní tharlóidh sé arís."

Agus d'imigh sé leis a iarraidh Aldair, a ghabhair, a bhuataisí agus a chóta. Níorbh fhada go bhfaca sé ceann dá bhuataisí ina luí ar an bhóthar.
"Cad is fiú buatais amháin gan an ceann eile?" ar seisean leis féin. D'fhág sé an bhuatais ansin agus d'imigh sé leis i dtreo an bhaile.
Níorbh fhada go bhfaca sé an bhuatais eile ina luí ar an bhóthar. Thóg sé í agus chuaigh ar ais ar lorg na buataise eile. Ach, ní bhfuair sé í óir bhí Aldar Ábhailleach i ndiaidh an ceann sin a thógáil leis.
Chroith fear an ghabhair a dhorn agus fearg air. "Bhuail Aldar Ábhailleach bob den tríú huair orm," ar seisean, "ach ní tharlóidh sé arís." Agus d'imigh sé a iarraidh Aldair, a ghabhair, a bhuataise agus a chóta.
Tháinig fear an ghabhair sa deireadh a fhad le teach Aldair. Agus, nuair a chonaic Aldar ag teacht é, tharraing sé giorria amach as mála agus thug dá bhean é. Agus chuaigh sé suas i bhfolach sa lochta. Chuaigh bean Aldair go dtí an doras agus an giorria ar a baclainn aici.
"An bhfuil Aldar sa bhaile?" arsa fear an ghabhair.
"Níl," arsa bean Aldair, "d'imigh sé chun na coille. Tar isteach agus cuirfidh mé an giorria ina dhiaidh." Agus d'iompair sí an giorria ar ais isteach sa teach.
Suas léi go dtí an lochta agus thug sí an giorria d'Aldar.

Agus rith sí ar ais chuig fear an ghabhair.
I gceann tamaill, tháinig Aldar go dtí an doras agus an giorria ar iompar aige.
"Tháinig an giorria do m'iarraidh," ar seisean lena bhean, "agus tháinig mé chomh gasta agus a thiocfadh liom chun an bhaile."
D'amharc fear an ghabhair ar an ghiorria agus a sháith iontais air.
"Sin giorria speisialta!" arsa fear an ghabhair.
"An ndíolfaidh tú liom é?"
"Díolfaidh," arsa Aldar, "ar chúig rúbal is fiche."
Thug fear an ghabhair na cúig rúbal is fiche d'Aldar agus thug Aldar an giorria d'fhear an ghabhair. Chuaigh fear an ghabhair chun an bhaile agus an giorria leis.
Nuair a shroich fear an ghabhair an baile, dúirt sé lena bhean pota anraith a dhéanamh réidh.
"Nuair a bheidh an t-anraith réidh," ar seisean, "cuir an giorria do m'iarraidh. Tá mé ag dul chun na coille a ghearradh brosna."
Chuaigh fear an ghabhair chun na coille. Ghearr sé brosna go dtí go raibh sé tuirseach. Ach, go fóill níor tháinig an giorria á iarraidh.
Chuaigh sé chun an bhaile sa deireadh, agus labhair sé

lena bhean.
"Cad chuige," ar seisean, "nár chuir tú an giorria do m'iarraidh?"
"D'oscail mé an doras," ar sise, "agus dúirt mé leis dul chugat, ach d'imigh sé leis chuig teach Aldair."
Chroith fear an ghabhair a dhorn agus fearg mhór air.
"Ceithre huaire a bhuail Aldar bob orm!" ar seisean. "Ach ní tharlóidh sé arís." Agus d'imigh sé a iarraidh Aldair, a ghabhair, a bhuataise, a chóta agus a chuid rúbal.
Nuair a chonaic Aldar fear an ghabhair ag déanamh ar an teach, thóg sé dornán de bhoinn airgid agus chuaigh go dtí an stábla. Chuir sé na boinn airgid i bhfolach in eireaball an chapaill. Agus thosaigh sé a bheathú an chapaill le seagal.
"An bhfuil Aldar sa bhaile?" arsa fear an ghabhair le bean Aldair.
"Tá," arsa bean Aldair, "tá sé amuigh sa stábla."
Chuaigh fear an ghabhair amach chun an stábla agus chonaic sé Aldar ag beathú an chapaill le seagal.
"Cad chuige a mbeathaíonn tú an capall le seagal?" ar seisean le hAldar.
"Taispeánfaidh mé duit cad chuige," arsa Aldar. Bhuail sé eireaball an chapaill le bata. Chroith an capall a eireaball

agus thit na boinn airgid anuas ar an talamh. Stán fear an ghabhair ar na boinn agus iontas mór air.
"A leithéid de chapall!" ar seisean. "An ndíolfaidh tú liom é?"
"Díolfaidh," arsa Aldar, "ar chúig chéad rúbal."
Thug fear an ghabhair cúig chéad rúbal d'Aldar agus thug Aldar an capall d'fhear an ghabhair. Chuaigh fear an ghabhair ar mhuin an chapaill agus mharcaigh sé chun an bhaile.
Nuair a shroich sé an baile, labhair sé lena bhean.
"Amharc an capall iontach atá ceannaithe agam!" ar seisean léi. Bhuail sé eireaball an chapaill lena bhata. Chroith an capall a eireaball ach oiread is aon bhonn amháin airgid níor thit anuas ar an talamh. Chroith fear an ghabhair a dhorn agus thug sé mionnaí móra.
"Cúig huaire a bhuail Aldar bob orm!" ar seisean.
"Ach ní tharlóidh sé arís." Agus d'imigh sé a iarraidh Aldair, a ghabhair, a bhuataise, a chóta agus a chuid rúbal.
Ar a bhealach dó casadh air a dheartháir, agus d'inis sé dá dheartháir mar a ghoid Aldar a ghabhar, a bhuataisí, a chóta agus a chuid airgid.
"Tá mála mór agamsa," arsa an deartháir. "Cuirfidh muid Aldar isteach ann agus caithfidh muid an mála amach san

abhainn. Ní bhuailfidh sé bob ar aon duine arís."
Fear an ghabhair agus a dheartháir, rug siad ar Aldar agus chuir isteach sa mhála é. Cheangail siad béal an mhála le sreang agus chaith amach san abhainn é. Tháinig an mála ar snámh isteach go dtí an bruach agus d'imigh fear an ghabhair agus a dheartháir a iarraidh bata mór leis an mhála a bhrú amach go lár na habhann. Ach, bhí scian faoina chrios ag Aldar. Ghearr sé an tsreang agus d'éalaigh sé amach as an mhála. Líon sé an mála le tuí agus le clocha, agus cheangail sé arís é. Chuaigh sé i bhfolach ar chúl crainn. Chonaic sé fear an ghabhair agus a dheartháir ag teacht ar ais agus bata fada leo. Bhrúigh siad an mála amach i lár na habhann. D'fhan Aldar ar shiúl ón bhaile mhór ar feadh dhá lá. Ansin, cheannaigh sé deich mbó. Tháinig sé ar ais go dtí an baile mór agus thiomáin sé na ba thar teach fhear an ghabhair. Bhí a sháith iontais ar fhear an ghabhair agus ar a dheartháir agus iad ag amharc ar Aldar agus ar na ba.
"Cá bhfuair tú na ba?" a d'fhiafraigh siad de.
"Bhuel," arsa Aldar, "fuair mé faoin uisce iad. Tá na céadta bó faoin uisce ach níor éirigh liom ach deich gcinn a thabhairt chun an bhaile liom."
"Ceangail i mála mé agus caith amach san abhainn mé," arsa fear an ghabhair. "Caithfidh mé cuid de na ba sin a

fháil."
Cheangail Aldar i mála é agus chaith amach san abhainn é. Níorbh fhada gur thosaigh fear an ghabhair a scairteadh, agus labhair Aldar le deartháir fhear an ghabhair.
"An gcluineann tú é ag scairteadh ar na ba?" arsa seisean.
"Ceangail mise fosta isteach i mála," arsa deartháir fhear an ghabhair, "agus caith amach san abhainn mé. Ba mhaith liom cuid de na ba sin a fháil."
Cheangail Aldar i mála é agus chaith amach i lár na habhann é. Níorbh fhada gur thosaigh deartháir fhear an ghabhair a scairteadh. Thóg Aldar an bata fada agus tharraing na málaí amach as an uisce. Ghearr sé an tsreang agus shleamhnaigh na fir amach as na málaí. D'amharc Aldar orthu agus rinne sé a sháith gáirí.
"Cá mhéad uair a bhuail mé bob ort?" a d'fhiafraigh sé d'fhear an ghabhair.
"Sé huaire," arsa fear an ghabhair, "agus níor mhaith liom é tarlú arís."
Thug fear an ghabhair a chapall d'Aldar agus thug Aldar a ghabhar, a bhuatais agus a chóta d'fhear an ghabhair. Ach, choinnigh Aldar na rúbail sa dóigh is nach ndéanfadh fear an ghabhair dearmad choíche gur bhuail Aldar Ábhailleach bob air sé huaire i ndiaidh a chéile.

Leathanach bán

© CCEA 2022

Arna chéad fhoilsiú ag Bunscoil Phobal Feirste 1991

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning